

Tascanna agus Moltaí do na Sraitheanna Pictiúr

Ardteist 2012


[Coinnigí súil ar Gaelscéal ar Scoil, foilsíonn CnaM Gaeilge neart tascanna agus moltaí don Scúdú Béil ann chuile mhí]



Curtha ar fáil ag Comhar na Múinteoirí
Gaeilge 2012

SRAITH PICTIÚR 3 Tasc - Cuir do chuntas féin le chéile

Lá spraoi san Ardchathair



NATHANNA BREISE

- *I dtosach báire*
- *Ina dhiaidh sin*
- *Tar éis tamaill*
- *Ag deireadh an lae*
- *Bhuel...*
- *De réir dealraimh*
- *Bhí siad caite amach!*
- *Is léir gur bhain gach duine an-taitneamh as an lá!*
- *Chuir siad fáilte Uí Cheallaigh roimpi*
- *Bhí na cailíní stiúgtha leis an ocras*

FOCLÓIR

1. Aerfort Bhaile Átha Cliath
2. Lár na cathrach
3. Timpeall na cathrach
4. Na radhairc shuimiúla
5. An túr solais
6. An zú
7. Páirc an Fhionnuisce
8. Staid nua an Aviva
9. Beile i mbialann deas
10. Dráma

CEISTEANNA

1. An gceapann tú gur bhain siad taitneamh as an lá?
2. Cá raibh siad i bpictiúr a haon?
3. Meas tú ar bhain siad taitneamh as an amharclann?

SRAITH PICTIÚR 5

Tasc - Líon na Bearnaí

Timpiste



FOCLÓIR DO LÍON NA BEARNAÍ

1. an bhfón póca
2. fiosrúchán
3. geimhriúil
4. tiománaí
5. ar an láthair
6. ag stealladh báistí
7. ciontach
8. bhuail
9. seirbhísí éigeandála
10. ráiteas
11. gan aithne gan urlabhra
12. gortaithe
13. sínteán

LÍON NA BEARNAÍ

De réir cosúlachta, lá fuar fliuich _____ a bhí ann. Cheapfainn go raibh sé _____ _____ ar feadh an lae ón gcuma atá ar an mbóthar sa pictiúr. Bhí an tiománaí ag tiomáint agus ag caint is ag comhrá ar _____, drochnós ceart! Bhí fear ag dul trasna an bhóthair ag an am agus tá sé rí-shoiléir nach bhfaca an tiománaí é! Ní raibh aird an tiománaí dírithe ar an tiomáint agus _____ sé an fear bocht. Thit an fear ina chnap ar an talamh. Is léir go raibh an fear bocht _____ _____. Chuir an tiománaí fios ar na _____. Níorbh fhada gur tháinig an t-otharcharr agus na Gardaí _____. Cuireadh an fear bocht ar _____ agus tógadh chun an ospidéal é. Déarfainn go raibh an fear _____ go dona. Thosaigh na Gardaí ag déanamh _____ ar an scéal. Bhí ar an tiománaí dul go stáisiún na nGardaí chun _____ a thabhairt. Ceapaimse go raibh an tiománaí an-aiféalach faoi chúrsaí ag deireadh na dála. Is léir ón bpictiúr deiridh gur bhraith sé _____ faoi eachtraí an lae sin.

SRAITH PICTIÚR 9 - Tasc cuir san ord ceart

Imreoir Gortaithe



- A. Faraor, bhí ar an imreoir gortaithe dul chuig an ospidéal. Tógadh an t-imreoir isteach chuig an Roinn Timpistí agus Éigeandála ag a trí a chlog. D'fhan an bainisteoir ina chuideachta. Déarfainn go raibh an t-imreoir bocht faiteach agus imníoch ag an bpointe seo. Bhí cuma imníoch ar a aghaidh.
- B. Ar deireadh, bhí an t-imreoir bocht in isle brí ag labhairt lena chara faoina chruachás. Déarfainn go raibh sé buartha faoina áit ar an bhfoireann. Ní bheidh sé ar ais ar an bpáirc imeartha go gceann chúig mhí.
- C. Lá an chluiche mhóir a bhí ann, bhí an aimsir go breá. Dé réir cosúlachta bhí an cluiche faoi lán seol. Bhí an staid dubh le daoine. Déarfainn go raibh atmaisféar iontach san áit. Bhí dianchoimhlint ar pháirc an imeartha.
- D. Faoi dheireadh, cuireadh cóir leighis ar an imreoir gortaithe. Thaispeáin an dochtúir an x-gathú dó. Dúirt an dochtúir gur bhris sé a chos go dona. Bhí cuma díomach agus brónach ar an imreoir mar dúirt an dochtúir go mbeadh air sos fada a ghlacadh ón spórt.
- E. Fágadh an t-imreoir gortaithe ar an sínteán ag fanacht ar feadh breis is dhá uair a chloig. Ag a cúig a chlog, thosaigh an bainisteoir ag cailleadh foighne agus thosaigh sé ag clamhsán. Ní chuireann sé seo ionadh ormsa toisc staid na n-ospidéal in Éirinn i láthair na huair. Fágтар óg is aosta ag feitheamh in ospidéal ó cheann ceann na tíre lá i ndiaidh lae. Is náireach an scéal é!
- F. Go tobann, leagadh ceann de na himreoirí go talamh. Tháinig an bainisteoir agus an foireann leighis i gcabhair air. Is léir go raibh an t-imreoir gortaithe go dona mar cuireadh fios ar sínteán. **Mar shampla: A= pictiúr 1**

A	B	C	D	E	F

Sraith 9 san ord ceart

1. Lá an chluiche mhóir a bhí ann, bhí an aimsir go breá. Dé réir cosúlachta bhí an cluiche faoi lán seol. Bhí an staid dubh le daoine. Déarfainn go raibh atmaisféar iontach san áit. Bhí dianchoimhlint ar pháirc an imeartha.
2. Go tobann, leagadh ceann de na himreoirí go talamh. Tháinig an bainisteoir agus an foireann leighis i gcabhair air. Is léir go raibh an t-imreoir gortaithe go dona mar cuireadh fios ar sinteán.
3. Faraor, bhí ar an imreoir gortaithe dul chuig an ospidéal. Tógadh an t-imreoir isteach chuig an Roinn Timpistí agus Éigeandála ag a trí a chlog. D'fhan an bainisteoir ina chuideachta. Déarfainn go raibh an t-imreoir bocht faiteach agus imníoch ag an bpointe seo. Bhí cuma imníoch ar a aghaidh.
4. Fágadh an t-imreoir gortaithe ar an sinteán ag fanacht ar feadh breis is dhá uair a chloig. Ag a cúig a chlog, thosaigh an bainisteoir ag cailleadh foighne agus thosaigh sé ag clamhsán. Ní chuireann sé seo ionadh ormsa toisc staid na n-ospidéal in Éirinn i láthair na huair. Fágтар óg is aosta ag feitheamh in ospidéal ó cheann ceann na tíre lá i ndiaidh lae. Is náireach an scéal é!
5. Faoi dheireadh, cuireadh cóir leighis ar an imreoir gortaithe. Thaispeáin an dochtúir an x-ghathú dó. Dúirt an dochtúir gur bhris sé a chos go dona. Bhí cuma díomach agus brónach ar an imreoir mar dúirt an dochtúir go mbeadh air sos fada a ghlacadh ón spórt.
6. Ar deireadh, bhí an t-imreoir bocht in isle brí ag labhairt lena chara faoina chruachás. Déarfainn go raibh sé buartha faoina áit ar an bhfoireann. Ní bheidh sé ar ais ar an bpáirc imeartha go gceann chúig mhí.

AN tSRAITH PICTIÚR – COMHAIRLE DAOIBH

CONAS MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR AN tSRAITH DO SCRÚDÚ NA NOLLAG

Tuigimid go léir na dúshláin a bhíonn romhainn mar mhúinteoirí agus muid ag iarraidh measúnú éifeachtach a dhéanamh ar obair bhéil na ndaltaí. Cinnte, tá i bhfad níos mó bainteach leis an ngnó seo i mbliana. B'fhéidir go gcabhróidh an cleachtadh beag seo libh measúnú a dhéanamh ar an tsraith pictiúr ar bhealach éifeachtach, taobh istigh d'am ranga.

- i. **Treoir Chinnte** –Tabhair treoir chinnte do na daltaí don scrúdú, m.sh Beidh mé ag roghnú an tsraith as sraitheanna 1-10. Bí cinnte go bhfuil tú an-eolach agus compórdach leis na sraitheanna seo don scrúdú. (D'fhéadfá na sraitheanna ba dheacra do na daltaí a roghnú fiú! Cinntíonn méid áirithe sraitheanna go mbeidh na daltaí ábalta díriú isteach go mion ar fhoghraíocht chruinn, agus go bhfaighfidh siad deis ar chleachtadh ranga éifeachtach agus eagraithe do na sraitheanna sin. Dírigh isteach ar an leath eile do na bréagscrúduithe. Ansin beidh cleachtadh agus taitheí mhaith ag na daltaí conas tabhairt faoi na sraitheanna agus cúpla deis cur i láthair sraithe a dhéanamh ós comhair an ranga. Rud a chabhróidh go mór leis na 'nerves' ar an lá mór gan dabht!
- ii. **Critéir Mharcála** –Tabhair an critéir mharcála dóibh sula dtosaíonn tú ar an gcleachtadh seo. Iarr orthu' léirmheastóireacht chuiditheach' a dhéanamh ar obair a chéile ag baint leasa as an gcritéir atá leagtha síos. Abair leo a bheith cosúil leis na breithiúna ar na cláir réalaíocha ar an teilifís! *Ach nā lig d'aon duine dul thar fóir leis dār ndóigh!*
- iii. **Lá Faoi Leith** –Bíodh lá cinnte agat don mheasúnú ar an tsraith.
- iv. **Obair Ghrúpa** – Smaoineamh maith ná iad a chur ag obair i ngrúpaí de cheathrar. Ciallóidh sé seo go mbeidh duine den cheathrar ar a laghad ag dul faoi scrúdú i ngach rang. Meabhraigh dóibh gur ag obair le chéile atá siad. Tá **80marc** ag dul don chuid seo den scrúdú.
- v. **Foghraíocht** –Mā tá fonn ort cabhair bhreise a thabhairt dóibh leis an bhfoghraíocht, déanaigí amach bileoga simplí le chéile, do gach sraith ag cabhrú le conas na focail is deacra a rá i gceart
- vi. **Cleachtadh** – Bí cinnte am a thabhairt do na daltaí cleachtadh a dhéanamh ó bhéal ar ábhair na sraitheanna i gcaitheamh na seachtaine sa rang, sula ndéanann tú an

measúnú ar an 6/7 ag deireadh na seachtaine sin. Déan iarracht 10nóim. a thabhairt ar a laghad 3 uaire nó níos mó in aghaidh na seachtaine.

- vii. **Comhairle an Mhúinteora** -Ba chóir don mhúinteoir roinnt ama a chaitheamh i gcuideachta gach grúpa agus an cleachtadh ar siúl chun comhairle, treoir agus muinín a thabhairt.
- viii. **An Scrúdú** -Ansin, ar an Aoine b'fhéidir cuir 6/7 faoi scrúdú. Moltar 4 nóim. a chaitheamh. Déan iarracht gan rang iomlán a chaitheamh ar na scrúduithe, déan é thar cúpla seachtain, ní eiríonn na daltaí bréan den phroiseas ansin.
- ix. **Ag éisteacht & ag obair le linn na scrúduithe** -Bíodh cárta réamhdheartha nó leabhar nótaí oscailte ag gach dalta agus iad ag éisteacht leis na ceisteanna a chuireann tú ar gach iarrthóir. Meabhraigh dóibh gurb fhéidir leis an scrúdaitheoir go leor cinéalacha difirúla ceisteanna a chur agus gur chóir dóibh nótaí a dhéanamh de na ceisteanna.
- x. **Comórtas** -D'fhéadfá cúrsaí a dhéanamh níos suimiúla – Iarr ar na daltaí ainm an duine a rinne an t-iarracht /cur i láthair is fearr a scríobh síos. Bailigh na vótaí, coiméad iad go dtí go mbíonn gach scrúdú ar na sraitheanna déanta agus ansin ainmnigh an buaiteoir, bíodh barra seaclaide réidh agat don duine a tháinig sa chéad áit!

Moladh - Bheadh sé ar fheabhas ar fad dá mbeadh gleas taifeadta ar siúl agat agus na scrúduithe seo ar bun. D'fhéadfá é a sheinnt in athuair don rang arís, nó fiú cóip a chur/a scríobh ar dhiosca dóibh chun cabhrú leo teacht timpeall ar bhotúin choitianta foghraíochta.

Féach ar YouTube chun fiseáin ghreannmhara bunaithe ar na sraitheanna a fheiceáil. Cuir 'Gaelgory' & 'Pictiúr' isteach san inneall cuardaigh ar YouTube agus gheobhaidh tú na fiseáin ghearra ghreannmhara. Bain sult astu!

Critéir mharcála don chur síos ar an tSraith Pictiúr

80 marc atá dul don chuid seo den scrúdú béil;

50 marc = Cumarsáid (an cur síos ar an ábhar sa tsraith, foclóir)

20 marc = Cruinneas (gramadach, saibhreas, foghraíocht, caighdeán)

10 marc = Ceisteanna (ábaltacht ceisteanna chur & a fhreagairt)

Grád A & B

Sár-mhaith & An-mhaith : marc idir 56 – 80

- ✓ Iarracht iontach déanta ar chur síos a dhéanamh ar ábhar na sraithe.
- ✓ Foclóir leathan, fairsing acu, neart nathanna deasa cainte.
- ✓ Ábalta tuairimí a nochtadh faoi ábhar na sraithe.
- ✓ In ann ceisteanna a chur agus a fhreagairt go maith.

Grád C & D

Maith & Measartha : marc idir 32–50

- ✓ Cuntas maith nó measartha tugtha ar ábhar na sraithe.
- ✓ Foclóir oiriúnach in úsáid.
- ✓ Ábalta nó sách ábalta tuairimí a chur in iúl sa chuntas agus sna ceisteanna.
- ✓ Ábalta ceisteanna a chur agus a fhreagairt.

Grád E & F

Lag & An-Lag : marc idir 0 –31

- ✓ Cuntas garid
- ✓ Cuntas easnamhach/ lag nó an-lag.
- ✓ Easpa cainte – briseadh sa chumarsáid.
- ✓ Easpa foclóra.
- ✓ Cumas teoranta ag an iarrthóir.

Grád	Aicme	Marc
A	Sármhaith	68-80
B	An-mhaith	56-67
C	Maith	44-55
D	Measartha	32-43
E	Lag	20-31
F N/G	An-lag	0-19

Chun soiléiriú breise a fháil ar bhéaltriail 2012 féach ar na naisc seo;

[www.examinations.ie/exam/Soileiriu Breisear Bhealtriail na hArdteistimeireachta 2012.pdf](http://www.examinations.ie/exam/Soileiriu_Breisear_Bhealtriail_na_hArdteistimeireachta_2012.pdf)

[www.examinations.ie/exam/Ceisteanna a ardaiodh faoin BT Ardteiste 2012.pdf](http://www.examinations.ie/exam/Ceisteanna_a_ardaiodh_faoin_BT_Ardteiste_2012.pdf)